Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2024
(OR. en)**

**9957/24**

**TELECOM 184
DIGIT 135
CYBER 165
COMPET 556
RECH 233
PI 68
MI 505
EDUC 175
JAI 802
ENFOPOL 232
COSI 83**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Bealtaine 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9484/24 |
| Ábhar: | Todhchaí bheartas digiteach an aontais<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 21 Bealtaine 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Todhchaí bheartas digiteach an Aontais Eorpaigh, a d'fhormheas an Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) ag an 4024ú cruinniú a bhí aici an 21 Bealtaine 2024.

**IARSCRÍBHINN**

## TODHCHAÍ BHEARTAS DIGITEACH AN AONTAIS

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Á MHEABHRÚ DI:

- na conclúidí ón gComhairle an 7 Meitheamh 2019 maidir le hEoraip ard-digiteach tar éis 2020: Borradh a chur faoin iomaíocht dhigiteach agus eacnamaíoch ar fud an Aontais agus comhtháthú digiteach,
- an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal *A European strategy for data* [Straitéis Eorpach maidir le sonraí],
- na conclúidí ón gComhairle an 5 Meitheamh 2020 maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú,
- na conclúidí ón gComhairle an 11 Nollaig 2020 maidir leis an digitiú ar mhaithe leis an gcomhshaol,
- an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 dar teideal Cur chuige Eorpach a chothú i leith na hIntleachta Saorga agus an Iarscríbhinn a ghabhann léi dar teideal An Plean Comhordaithe um an Intleacht Shaorga 2021 – Athbhreithniú,
- an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2022 dar teideal Straitéis AE um Chaighdeánú Caighdeáin dhomhanda a leagan síos chun tacú le margadh aonair AE atá athléimneach, glas agus digiteach,
- an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2022 dar teideal Deacáid Dhigiteach do Leanaí agus don Óige: an straitéis Eorpach nua maidir le hidirlíon níos fearr do leanaí (BIK+),
- an Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (dá ngairtear Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach anseo feasta) agus Teachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2023 dar teideal Staid na Deacáide Digití (2023),
- an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití an 23 Eanáir 2023,
- na conclúidí ón gComhairle an 13 Márta 2023 maidir le hiomaíochas, an margadh aonair agus an geilleagar,

- an Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le Bliain Eorpach um Scileanna,
- an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2023 dar teideal Cur chun feidhme an bhosca uirlisí cibearshlándála 5G,
- an Teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2023 dar teideal Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch,
- na conclúidí ón gComhairle an 18 Iúil 2022 agus an 26 Meitheamh 2023 maidir le Taidhleoireacht Dhigiteach an Aontais,
- an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Iúil 2023 dar teideal Tionscnamh de chuid an Aontais maidir leis an nGréasán 4.0 agus na domhain fhíorúla: buntáiste i dtreo an chéad aistrithe teicneolaíochta eile,
- an Moladh ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2023 maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais le haghaidh measúnú riosca breise leis na Ballstáit,
- an seasamh agus torthaí ón gComhairle an 17 Samhain 2023 i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS),
- na moltaí ón gComhairle an 23 Samhain 2023 maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint agus maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil,
- an pacáiste nuálaíochta maidir leis an Intleacht Shaorga ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2024 chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta na hIntleachta Saorga agus FBManna,
- an Moladh ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2024 maidir le bonneagair cáblaí fomhuirí shlána agus athléimneacha,
- na conclúidí ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 maidir le todhchaí na cibearshlándála: cur chur chun feidhme agus comhchosaint,

1. CUIREANN SÍ I dTREIS go gcuirtear deiseanna suntasacha ar fáil leis an gclaochlú digiteach agus le forbairt an Mhargaidh Aonair Dhigitigh chun cáilíocht saoil, fás eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht níos fearr a bhaint amach agus go bhfuil sé bunriachtanach rannchuidiú le geilleagar agus sochaí san Aontas a bheidh nuálach, tíosach ar acmhainní agus cothrom.

2. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur ar mhuinín fhrithpháirteach idir na gníomhaithe uile, lena n-áirítear na Ballstáit, na saoránaigh agus na gnólachtaí is féidir claochlú digiteach rathúil ár sochaithe a bhunú agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngealltanas a thug an tAontas sa Chlár Beartais don Deacáid Dhigiteach claochlú digiteach slán, sábháilte, cuimsitheach, inrochtana agus inbhuanaithe a áirithiú, bunaithe ar cheannaireacht theicneolaíoch, ar iomaíochas agus ar chur chuige duinelárnach, ina gcuirtear luachanna an Aontais chun cinn agus ina gcosnaítear cearta bunúsacha agus lánurraim á tabhairt do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le Dearbhú an Aontais maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha.

3. LEAGANN SÍ BÉIM ar uaillmhian an Aontais ról ceannasach a bheith aige ar fud an domhain sa chlaochlú digiteach agus sa rialachas digiteach lena n-urramaítear, lena gcuirtear chun cinn agus lena gcosnaítear cearta uilíocha an duine, an daonlathas agus an fhorbairt inbhuanaithe, agus lena gcuirtear daoine agus a gcearta uilíocha i gcroílár an mhéid sin, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le Dearbhú an Aontais maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha.

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil ceannasacht dhigiteach ar bhealach oscailte ríthábhachtach don Aontas chun a chonair féin a leagan amach sa chlaochlú digiteach, chun uathriail straitéiseach oscailte agus athléimneacht an Aontais a fheabhsú, chun a gheilleagar agus a thionscal a neartú agus chun forbairt theicneolaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an Aontais. MEABHRAÍONN SÍ gur cheart é sin a bheith i gcomhréir le gealltanas an Aontais do mhargadh digiteach domhanda atá cothrom, oscailte agus riailbhunaithe agus i gcomhar láidir lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta.

5. Gan teacht roimh an bplé maidir leis an gcéad Rialachán eile maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hinfheistíochtaí leordhóthanacha, comhcheangailte agus comhordaithe sa chlaochlú digiteach ar leibhéal an Aontais chomh maith le hinfheistíochtaí ó ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha ar an leibhéal náisiúnta. Tá na hinfheistíochtaí sin, arna ngiaráil ag an gClár don Eoraip Dhigiteach (DIGITAL), ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE Digiteach) agus ag Fís Eorpach go háirithe, tábhachtach chun taighde agus nuálaíocht fhreagrach, scileanna digiteacha, bonneagar agus forbairt agus glacadh teicneolaíochtaí digiteacha ar fud an Aontais a chothú. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar nósanna imeachta i gcláir chistiúcháin an Aontais a chuíchóiriú, d’fhonn deimhneacht agus intuarthacht a fheabhsú agus d’fhonn cothrom iomaíochta a chothú do na gníomhaithe uile lena mbaineann, lena n-áirítear FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, ar fud an Aontais. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí a chur ord tosaíochta agus dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais á ullmhú laistigh d'uasteorainneacha CAI is infheidhme agus sineirgí a chur chun cinn idir iarrachtaí taighde agus nuálaíochta faoin gclár Fís Eorpach agus tionscnaimh phraiticiúla cur in úsáid faoi chuimsiú DIGITAL agus SCE Digiteach, ós rud é go bhfuil na cláir sin ríthábhachtach chun spriocanna Chlár Beartais an Aontais don Deacáid Dhigiteach a bhaint amach. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na bacainní riaracháin atá ar ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha maidir le rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas a laghdú.

**Rialacha digiteacha agus rialachas digiteach**

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an líon suntasach gníomhartha reachtacha de chuid an Aontais a glacadh le blianta beaga anuas chun an Margadh Aonair Digiteach a neartú agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá tús áite a thabhairt do chur chun feidhme éifeachtach éifeachtúil na ngníomhartha sin sna blianta amach romhainn. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá measúnú críochnúil a dhéanamh ar thionchar aon tionscnaimh reachtaigh nua, go háirithe d’fhonn cothromaíocht a áirithiú idir an t-ualach nuálaíochta agus rialála trí chreat rialála comhleanúnach a ráthú, tríd an ualach riaracháin a íoslaghdú agus tríd an riosca a chosc go gcuirfí bac ar Mhargadh Aonair Digiteach Eorpach atá sofhreagrúil agus fabhrach don nuálaíocht agus ag an am céanna a bheith ar an airdeall maidir leis na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ag baint le forbairtí teicneolaíochta nua. MOLANN SÍ don Choimisiún anailís mheántéarmach a dhéanamh ar an idirghníomhú idir gníomhartha reachtacha cothrománacha agus earnálacha an Aontais i gcúrsaí digiteacha.

7. AITHNÍONN SÍ bunú roinnt bord de chuid an Aontais, chun comhordú na n-údarás inniúil náisiúnta a áirithiú, chomh maith le ról forfheidhmithe an Aontais mar atá sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha, sa Ghníomh um Margaí Digiteacha, sa Ghníomh um Rialachas Sonraí, sa Ghníomh um Shonraí, sa Ghníomh um Eoraip Idir-inoibritheach agus sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá don Choimisiún agus do na Ballstáit sineirgí a chothú, dúbláil a sheachaint agus cur chuige comhordaithe a ghlacadh maidir leis na struchtúir rialachais atá ann cheana, agus roinnt na n-inniúlachtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta á cur san áireamh, chun ilroinnt Mhargadh Aonair Digiteach an Aontais a sheachaint agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú. LEAGANN SÍ BÉIM ar an idirghníomhaíocht leis an obair a dhéanann comhlachtaí eile a bhfuil inniúlachtaí acu i gcúrsaí digiteacha, cibearshlándála agus sonraí, mar atá Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála (ECCC), an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) agus Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC).

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, machnamh a dhéanamh ar uirlisí agus réitigh chun sineirgí a fhorbairt agus comhsheasmhacht a áirithiú i gcur i bhfeidhm na ngníomhartha reachtacha atá ann cheana agus féachaint ar bhealaí chun an t-ualach riaracháin ar ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha a laghdú, go háirithe do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis, chomh maith le húdaráis áitiúla.

9. I bhfianaise thábhacht mhéadaitheach na dteicneolaíochtaí digiteacha, AITHNÍONN SÍ go bhfuil gnéithe tábhachtacha cibearshlándála, mar atá slándáil agus athléimneacht trí dhearadh, i gceist leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí cibearshlándála i dtáirgí digiteacha, i seirbhísí digiteacha agus i bpróisis dhigiteacha. Dá bhrí sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá leis an gcomhleanúnachas bunúsach a áirithiú idir beartas digiteach agus beartas cibearshlándála an Aontais.

10. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé an Gníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil chun an nuálaíocht a chothú, an intleacht shaorga iontaofa a fhorbairt agus a chur chun cinn (dá ngairtear 'IS' anseo feasta). CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR, ina leith sin, go bhfuil dlúthchomhar idir an Oifig um Intleacht Shaorga, an Bord um Intleacht Shaorga, an Painéal Eolaíoch um Intleacht Shaorga agus an fóram comhairleach ríthábhachtach agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh freisin ar an ról a bheidh ag an Lárionad Eorpach um Thrédhearcacht Algartamach amach anseo agus a shaineolas a ghiaráil thar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. MOLANN SÍ freisin don Choimisiún agus do na Ballstáit éiceachóras nuálaíochta IS a neartú, lena n-áirítear trí thacaíocht a chomhordú a thuilleadh chun réitigh IS a fhorbairt, a thástáil, a imscaradh agus a mhéadú.

11. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá caighdeáin agus deimhnithe comhchuibhithe, go háirithe i gcomhthéacs IS, na cibearshlándála, na céannachta digití, sásraí agus seirbhísí comhroinnte sonraí agus spásanna coiteanna sonraí Eorpacha, chomh maith le hacmhainneacht na mboscaí gainimh rialála, chun glacadh teicneolaíochtaí digiteacha atá ailínithe le ceanglais reachtacha an Aontais a chumasú agus a spreagadh a thuilleadh. MOLANN SÍ don Choimisiún iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint ar bhealach tráthúil, oscailte agus comhleanúnach, ina mbeidh na Ballstáit, eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus geallsealbhóirí rannpháirteach go hiomchuí, lena n-éascófar comhlíontacht na mBallstát agus gnólachtaí a mhéid is féidir.

**Éifeachtaí sochaíocha na digiteála**

12. AITHNÍONN SÍ gur gá an nuálaíocht, an fhiontraíocht agus forbairt an mhargaidh caipitil a chothú agus na tairbhí a bhaineann leis an digiteáil a uasmhéadú do chách, agus coimircí á mbunú ag an am céanna maidir le rioscaí agus dúshláin a bhaineann le teicneolaíochtaí agus seirbhísí digiteacha, lena n-áirítear idirdhealú, bréagaisnéis, ábhar neamhdhleathach ar líne, cibearfhoréigean, goid chéannachta, sáruithe slándála, saincheisteanna cosanta sonraí agus easpa rochtana agus rogha an úsáideora. I ndáil leis an méid sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí chomh maith leis na rialacha nua lena gceaptar oibleagáidí d'ardáin ar líne, d'innill chuardaigh ar líne agus do gheatóirí, go háirithe tríd an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus tríd an Ionstraim um Margaí Digiteacha. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint de na rialacha sin a fhorfheidhmiú go docht chun a áirithiú go rachfar i ngleic le rioscaí sochaíocha, go háirithe maidir le leanaí a chosaint, agus leanúint den phlé ar na dúshláin atá ag dul i méid a bhaineann le timpeallacht ar líne atá níos sábháilte, freagrach agus iontaofa a chur chun cinn, lena n-áirítear an gá a d'fhéadfadh a bheith le hiarrachtaí comhpháirteacha breise.

13. IS CÚIS IMNÍ DI gur minic a sholáthraíonn úsáideoirí méideanna ollmhóra sonraí mar mhalairt ar rochtain ar sheirbhísí digiteacha gan tuiscint iomlán a fháil ar an gcaoi a n-úsáidtear a gcuid sonraí agus ar na himpleachtaí a bhaineann leis sin. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar na rioscaí sochaíocha a eascraíonn as seirbhísí digiteacha agus machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le haon bhearta, lena n-áirítear bearta neamhreachtacha, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le dearaí andúileacha agus meabhlacha chomh maith le rianú iomarcach ar líne a eascraíonn as soláthraithe seirbhísí digiteacha a bheith ag úsáid teicneolaíochtaí rianaithe. MEABHRAÍONN SÍ an gá atá le haird ar leith a thabhairt ar fholláine leanaí, trína gcosaint ar nochtadh do chineálacha áirithe inneachair, trína sonraí a chosaint, trína bpríobháideacht a chosaint agus trína gcumhachtú chun roghanna eolasacha a dhéanamh.

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú na Treorach maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach agus ar na bearnaí a d'fhéadfadh a bheith inti, agus aird a thabhairt ar fhorbairt theicneolaíoch agus éabhlóid na seirbhísí digiteacha agus a gcuid samhlacha gnó, ar fhás an gheilleagair sonraí chomh maith leis an tírdhreach reachtach agus na bearta beartais san Aontas is ábhartha don chomhthéacs digiteach.

15. AITHNÍONN SÍ gur gá a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla i réimse na slándála agus an cheartais, na húdaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha, mar shampla, in ann a gcumhachtaí dleathacha a fheidhmiú, ar líne agus as líne, chun ár sochaithe agus ár saoránaigh a chosaint. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann rochtain a fháil ar shonraí ar bhealach dleathach spriocdhírithe, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus do na dlíthe ábhartha maidir le cosaint sonraí, agus an chibearshlándáil a chosaint ag an am céanna. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcothromaíocht chúramach is ceart do pé gníomhaíochtaí a dhéanfar a bhaint amach idir na leasanna sin agus prionsabail an riachtanais, na comhréireachta agus na coimhdeachta.

16. MOLANN SÍ go bhforbrófaí cásanna úsáide nithiúla do sheirbhísí na hearnála poiblí agus príobháidí maidir le húsáid na Tiachóige Céannachta Digití Eorpaí agus seirbhísí iontaoibhe bunaithe ar an Rialachán maidir le Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach lena n-áirítear trí ailíniú a áirithiú ar fud reachtaíocht an Aontais, agus cineál deonach na reachtaíochta sin á urramú don úsáideoir deiridh ag an am céanna. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treoir a thabhairt agus beartais agus uirlisí comhchuibhithe a fhorbairt i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun réitigh shlána sholáimhsithe idir-inoibritheacha a áirithiú maidir le céannacht dhigiteach, lena n-áirítear le haghaidh fíorú aoise agus céannachta.

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar na hiarmhairtí neamh-inmhianaithe a d'fhéadfadh a bheith ag an digiteáil ar an tsochaí, ar an aeráid agus ar an ngeilleagar faoi chuimsiú na sásraí atá ann cheana, cuir i gcás an Dearbhú maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha nó Clár Beartais an Aontais don Deacáid Dhigiteach.

**Teicneolaíochtaí digiteacha agus ceannródaíocha**

18. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá cur chuige comhchoiteann straitéiseach Eorpach maidir le teicneolaíochtaí digiteacha nuálacha, mar shampla leathsheoltóirí sárfhorbartha, IS, teicneolaíochtaí candamacha, teicneolaíocht 6G, bonneagar blocshlabhra, leathchúplaí digiteacha agus domhain fhíorúla, agus maidir le teicneolaíochtaí a bheidh ann amach anseo, ar cumasóirí iad d'fhorbairt theicneolaíoch agus iomaíochas an Aontais ar an leibhéal domhanda agus don fhorbairt inbhuanaithe. MOLANN SÍ go gcuirfí éiceachórais dhinimiciúla chun cinn maidir le príomhtheicneolaíochtaí digiteacha chun tacú lena bhforbairt, lena n-imscaradh agus leis an nglacadh leo i measc earnálacha poiblí agus príobháideacha an Aontais, bunaithe ar oscailteacht agus ar chothrom iomaíochta, go háirithe i gcás FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis i gcomhréir leis an straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach. MOLANN SÍ go bhforbrófaí coimíneacht dhigiteach lena gcuirfí le hinúsáidteacht teicneolaíochtaí nua agus sonraí chun leas na sochaí i gcoitinne.

19. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé tacú le héiceachóras Eorpach athléimneach, glas, sábháilte agus slán i dtaca le leathsheoltóirí agus micrileictreonaic agus LEAGANN SÍ BÉIM, i ndáil leis sin, ar chur chun feidhme tapa an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna, go háirithe bunú ionad inniúlachta.

20. LEAGANN SÍ BÉIM ar acmhainn eacnamaíoch agus straitéiseach teicneolaíochtaí candamacha d'iomaíochas eolaíoch, teicneolaíoch agus tionsclaíoch an Aontais agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí agus iad a chomhordú chun sineirgí a chruthú idir gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, tacú le tionscnaimh chomhpháirteacha agus an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a spreagadh chun tuilleadh infheistíochtaí a dhéanamh i gcuideachtaí candamacha an Aontais.

21. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá Tionscadail Ilnáisiúnta chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt tionscadal mórscála lena rannchuidítear le huas-scálú agus neartú acmhainneachtaí digiteacha an Aontais agus leis na tairbhí do shaoránaigh agus do ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha. I ndáil leis sin, TACAÍONN SÍ leis an bhforbairt bhreise ar Chuibhreannais don Bhonneagar Digiteach Eorpach, ar Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpacha agus, i gcás ina bhfuil údar cuí leis, ar Thionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI), agus béim á leagan aici ag an am céanna ar an ngá atá le barrfheabhsú leanúnach a dhéanamh ar chreat IPCEI, go háirithe feabhas a chur ar a n-imeachtaí agus ar a dtréimhsí ama.

22. MEABHRAÍONN SÍ an cur chuige trí cholún maidir le cur chun cinn, cosaint agus comhpháirtíocht a leagtar amach i Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé d'iomaíochas an Aontais slándáil na réimsí criticiúla teicneolaíochta a áirithiú agus cosaint ar na rioscaí a bhaineann le sceitheadh teicneolaíochta, agus oscailteacht agus dinimiceas eacnamaíoch á gcaomhnú agus comhpháirtíochtaí le comhpháirtithe idirnáisiúnta atá ar aon intinn leis an Aontas á bhforbairt ag an am céanna. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de bheith ag obair le chéile ar an measúnú riosca ar na trí réimse teicneolaíochta criticiúla digití d'fhonn na réitigh choiteanna is fearr a shainaithint lena bhféadfar na rioscaí a mhaolú.

**Bonneagar digiteach**

23. CUIREANN SÍ IN IÚL a thábhachtaí atá sé spriocanna nascachta an Chláir Beartais don Deacáid Dhigiteach a bhaint amach agus tacú le héiceachóras bonneagair dhigitigh atá nuálach agus dírithe ar an iomaíocht, i.e. chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach teaghlach san Aontas ar luasanna gigighiotáin agus ar líonra ardluais gan sreang ag a mbeidh feidhmíochtaí atá coibhéiseach ar a laghad le feidhmíocht theicneolaíocht 5G faoi 2030. I ndáil leis sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leathadh amach líonraí slána athléimneacha 5G agus snáithín a spreagadh agus a éascú agus comhroinnt bonneagair a éascú chun na costais a bhaineann le himscaradh líonraí fíor-ardacmhainneachta a laghdú agus dlús a chur lena n-imscaradh ar fud an Aontais.

24. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an plé ar a bhfuil i ndán do riachtanais bhonneagair dhigitigh na hEorpa d'fhonn líonraí digiteacha agus bonneagar digiteach atá slán agus athléimneach a áirithiú ar fud an Aontais agus an domhain, lena n-áirítear maidir le líonraí 5G agus snáithín chomh maith le cáblaí fomhuirí agus córais spásbhunaithe. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Páipéar Bán ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2024 dar teideal 'Conas máistreacht a fháil ar bhonneagar digiteach na hEorpa?', an Moladh ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2024 maidir le Bonneagair Cáblaí Fomhuirí Shlána agus Athléimneacha agus Tuarascáil Ardleibhéil mhí Aibreáin 2024 ó Enrico Letta dar teideal *Much more than a market* [Margadh thar an gcoitiantacht]. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit measúnú cúramach a dhéanamh ar staid reatha an bhonneagair dhigitigh agus an tírdhreacha rialála chun creat atá sábháilte, stóinseach agus slán i bhfad na haimsire a áirithiú do bhonneagar digiteach agus líonraí digiteacha ar fud an Aontais lenar féidir nuálaíocht a chothú agus iomaíocht a chur chun tairbhe na n-úsáideoirí deiridh. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé seasamh le leas na dtomhaltóirí i gcroílár an chreata. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún fís fhadtéarmach maidir le líonraí digiteacha a fhorbairt, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus an bealach a réiteach do ghníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an margadh aonair do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí a neartú, agus an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le feidhmiú an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, a bhfuil coinne leis faoin 21 Nollaig 2025, á cur san áireamh.

25. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí, agus na hiarrachtaí sin a neartú, chun creat tarraingteach beartais a bhunú le haghaidh forbairt agus taighde 6G chomh maith le himscaradh 6G ar bhonn fís straitéiseach iomchuí 6G lena gcuirtear san áireamh luathaithint na riachtanas speictrim bunaithe ar mheasúnú ar na ceanglais chumhdaigh agus acmhainneachta do chásanna úsáide 6G agus ar a thionchar ar an gcomhshaol.

26. AITHNÍONN SÍ iarrachtaí na mBallstát agus an Choimisiúin tríd an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach chun comhordú a dhéanamh ar infheistíocht na hEorpa i mórbhonneagair sár-ríomhaireachta agus na réitigh bogearraí a ghabhann leo, a bheidh bunriachtanach chun ceannaireacht na hEorpa a dhaingniú i raon ollmhór feidhmeanna eolaíocha agus tionsclaíocha, agus DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an leathnú ar mhisean an Chomhghnóthais ionas go ndéanfaidh sé infheistíocht freisin i sár-ríomhairí arna n-optamú le IS, i gcruthú monarchana IS, ar cheart a n-acmhainní a chur ar fáil do líon mór úsáideoirí poiblí agus príobháideacha, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta Eorpacha IS chun oiliúint a chur ar a samhlacha móra IS agus ar a gcórais giniúna IS.

**Straitéis sonraí**

27. LEAGANN SÍ BÉIM ar na céimeanna suntasacha a tugadh i dtreo rialachas stóinseach sonraí a fhorbairt ar leibhéal an Aontais lena bhfeabhsófar an saorshreabhadh sonraí, an rochtain chothrom ar sonraí, agus an úsáid a bhaintear as sonraí ar bhealach slán idir-inoibritheach iontaofa i gcomhréir leis na prionsabail agus na coimircí a leagtar síos sa Ghníomh um Rialachas Sonraí agus sa Ghníomh um Shonraí chomh maith le rialacha cosanta sonraí. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé leanúint de spásanna sonraí slána a fhorbairt laistigh d'earnálacha agus ar fud earnálacha, bunaithe ar thaithí ar na spásanna sonraí atá ann cheana. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as cúraimí an Bhoird Eorpaigh um Nuálaíocht Sonraí, agus a ról a fheabhsú a thuilleadh maidir le tacú leis an gcomhordú idir na Ballstáit agus leis na Ballstáit chun a áirithiú go gcuirfear creat reachtach an Aontais maidir le sonraí chun feidhme go rathúil agus chun a chomhsheasmhacht le tionscnaimh earnála a chur chun cinn.

28. AITHNÍONN SÍ na céimeanna tábhachtacha a tugadh chun néalseirbhísí agus seirbhísí imeallríomhaireachta atá idir-inoibritheach, iontaofa, sábháilte agus slán a fhorbairt. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí, ar bhonn chur chun feidhme tapa an Ghnímh um Shonraí, chun idir-inoibritheacht agus inaistritheacht a chur chun cinn agus rochtain chothrom neamh-idirdhealaitheach leathan ar néalréitigh agus réitigh imeallríomhaireachta a áirithiú do ghnólachtaí, go háirithe do FBManna. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé margadh néalríomhaireachta agus imeallríomhaireachta atá oscailte, slán, iontaofa agus iomaíoch a áirithiú ar leibhéal an Aontais ar mhaithe le gnólachtaí agus úsáideoirí Eorpacha. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint dá chuid oibre maidir le hinfheistíochtaí spriocdhírithe a spreagadh i seirbhísí néalríomhaireachta agus imeallríomhaireachta an Aontais agus maidir leis na seirbhísí sin den chéad ghlúin eile a fhorbairt mar ghné thábhachtach de cheannasacht dhigiteach an Aontais ar bhealach oscailte iomaíoch.

**Scileanna digiteacha**

29. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé cur leis na hiarrachtaí chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh, lena n-áirítear an bhearna dhigiteach idir na hinscní, trí fheasacht dhigiteach, eolas digiteach, scileanna agus inniúlachtaí digiteacha na saoránach uile a fhorbairt, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine leochaileacha, ag gach céim den saol. LEAGANN SÍ BÉIM ar ról an Chláir Beartais don Deacáid Dhigiteach agus ról an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 chun a áirithiú go bhfreagróidh an claochlú digiteach do riachtanais shochaí agus mhargadh saothair an Aontais, lena n-áirítear trí líonraí réigiúnacha agus áitiúla. IARRANN SÍ ar na hinstitiúidí uile tacú leis na hiarrachtaí sin chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh agus chun tacú le réitigh a fhorbairt agus a ghlacadh chun gur fearr a bheidh siad in ann saoránaigh an Aontais, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a ullmhú agus iad a thionlacan tríd an gclaochlú digiteach.

30. LEAGANN SÍ BÉIM AR ar a thábhachtaí atá sé díriú níos mó ar na bealaí chun tallann a mhealladh agus a choinneáil san Aontas chun iomaíochas an Aontais Eorpaigh agus a sheasamh mar ghníomhaí digiteach domhanda a threisiú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit na cuspóirí maidir le scileanna digiteacha sa Chlár Beartais don Deacáid Dhigiteach a bhaint amach, go háirithe trí chomhpháirtíochtaí acadúla agus tionsclaíocha, trí bhacainní a laghdú chun tallann dhigiteach a mhealladh agus a fhostú chomh maith le micridhintiúir sa mhargadh saothair a aithint i gcomhréir leis an Moladh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le cur chuige Eorpach i ndáil le micridhintiúir.

31. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé an t-oideachas agus an oiliúint fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil i TFC agus san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht, sna Dána agus sa Mhatamaitic (‘STEAM’) a chur chun cinn chun scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt a thuilleadh, agus béim ar leith á leagan ar mhná agus ar chailíní, ós rud é gurb é an bhearna mhór idir na hinscní is mó a bhaineann an bonn ón gcaoi a gcruthaítear agus a gcuirtear na réitigh dhigiteacha in úsáid, agus tá iarmhairtí diúltacha dá dheasca sin cruthaithe i ndáil le cuimsiú shóisialta, comhionannas inscne, cáilíocht saoil agus fás eacnamaíoch.

**An t- aistriú glas agus an t- aistriú digiteach**

32. LEAGANN SÍ AN-BÉIM AR a thábhachtaí atá sé go mbeidh an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas fite fuaite lena chéile. Le forbairt agus úsáid mhéadaithe agus níos forleithne na dteicneolaíochtaí digiteacha, mar shampla IS, an néalríomhaireacht agus an imeall-ríomhaireacht, domhain fhíorúla, blocshlabhra, an ríomhaireacht ardfheidhmíochta, teicneolaíochtaí candamacha agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla DÍRÍONN SÍ AR na deiseanna a d'fhéadfadh teacht astu chun geilleagar ciorclach Eorpach iomaíoch a chothú, an lorg comhshaoil a laghdú agus dlús a chur leis an aistriú glas. AITHNÍONN SÍ, áfach, go bhfuil méideanna ollmhóra acmhainní de dhíth ar na teicneolaíochtaí digiteacha sin, ar mhéid méadaithe na sonraí agus ar na lárionaid sonraí, lena n-áirítear fuinneamh, uisce agus amhábhair chriticiúla, agus go gcuireann sé sin brú ar an gcomhshaol agus ar an aeráid.

33. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé an lorg comhshaoil san earnáil TFC a laghdú agus tacú lena haistriú chuig an aeráidneodracht faoi 2050. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé feasacht a chur chun cinn, lena n-áirítear trí cheanglais trédhearcachta agus an stuamacht dhigiteach, agus réitigh a fhorbairt do ghnólachtaí, d'earnálacha poiblí agus do thomhaltóirí, mar atá an inbhuanaitheacht de réir dearadh chun a lorg comhshaoil agus a ndramhaíl leictreonach a laghdú chun tomhaltas neamhéifeachtúil a sheachaint, i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le laghdú, athúsáid agus athchúrsáil.

34. DÍRÍONN SÍ AIRD AR a thábhachtaí atá sé don Choimisiún agus do na Ballstáit tacú le réitigh dhigiteacha agus ghlasa chomhcheangailte a imscaradh don nuálaíocht agus don fhás amach anseo i ngach tionscal agus in eagraíochtaí poiblí. I ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI na tionscnaimh ón Aontas a rinneadh chun feabhas a chur ar chomhroinnt na faisnéise maidir le tionchar na dtáirgí agus na lárionad sonraí ar fhuinneamh agus ar an gcomhshaol.

35. IARRANN SÍ go bhforbrófaí modheolaíochtaí measúnaithe fianaisebhunaithe chun an lorg comhshaoil chomh maith le héifeacht dhearfach na dteicneolaíochtaí digiteacha a thomhas, bunaithe ar sonraí d'ardcháilíocht, inchomparáide, iontaofa agus caighdeánaithe, agus MOLANN SÍ don Choimisiún, do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara na modheolaíochtaí sin a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar an nglantionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag an digiteáil ar an gcomhshaol agus é a chothú chun cuidiú leis an Aontas a sprioc maidir le haistriú chuig an aeráidneodracht faoi 2050 agus na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh do 2030 a bhaint amach.

36. MEABHRAÍTEAR DI an t-athbhreithniú ar Chlár Beartais an Aontais don Deacáid Dhigiteach agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a machnamh a dhéanamh ar sprioc maidir le haistriú digiteach níos glaise a chur isteach d'fhonn an tomhaltas fuinnimh agus úsáid acmhainní san earnáil dhigiteach a bharrfheabhsú agus úsáid teicneolaíochtaí nuálacha a imscaradh chun tairbhe an ghníomhaithe ar son na haeráide.

**An Rialtas Digiteach**

37. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le rialtas digiteach arna spreagadh ag claochlú na hearnála poiblí atá duinelárnach, sonraíbhunaithe agus IS-chumasaithe, agus croíphrionsabail don dea-rialachas, mar atá an idir-inoibritheacht, an chuimsitheacht, an trédhearcacht agus an inbhuanaitheacht á leabú ag an am céanna. I ndáil leis an méid sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún malartú eolais a chur chun cinn agus tacú le tionscnaimh chomhpháirteacha idir na Ballstáit.

38. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na seirbhísí digiteacha poiblí idir-inoibritheacha agus d'fhorbairt idirnascadh trasteorann bhonneagair na riarachán poiblí, lena n-áirítear bonneagair néalríomhaireachta agus bonneagair imeallacha chun tuilleadh athléimneachta, éifeachtúlachta agus a inbhuanaitheachta iontu a bhaint amach, agus tuilleadh machnaimh a dhéanamh, i dteannta na mBallstát, ar na bacainní teicniúla, dlíthiúla, séimeantacha agus oibríochtúla a bhaineann leo agus ar an gcaoi ar féidir iad a shárú.

39. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé na himpleachtaí digiteacha agus idir-inoibritheachta a bhaineann leis na beartais a mheas ón tús, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann roimh an am chun cur chun feidhme rianúil na reachtaíochta a áirithiú agus chun an t-ualach a bhaineann leis an tuairisciú rialála, chomh maith leis na costais chomhlíontachta ar ghnólachtaí, a laghdú. I ndáil leis an méid sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ceapadh beartas atá réidh don digitiú a chur i bhfeidhm trí threoirlínte, uirlisí agus oiliúint d'fhonn an bhearna idir ceapadh na mbeartas agus a gcur chun feidhme a dhúnadh.

**Gné idirnáisiúnta Bheartas Digiteach an Aontais**

40. MEASANN SÍ go bhfuil tábhacht shuntasach idirnáisiúnta ag baint le cúrsaí digiteacha, ar cumasóirí tábhachtacha iad d'iomaíochas agus do shlándáil an Aontais.

41. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI forbairt agus neartú comhpháirtíochtaí digiteacha déthaobhacha agus comhpháirtíochtaí réigiúnacha agus comhaontuithe trádála digití, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an comhar i bhfóraim ábhartha iltaobhacha agus ilpháirtithe leasmhara agus i dteannta leo, chun leasanna straitéiseacha an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear an tslándáil eacnamaíoch, agus an cur chuige duinelárnach i leith an rialachais dhigitigh bunaithe ar chearta uilíocha an duine.

42. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit cur chuige réamhghníomhach agus comhordaithe a áirithiú chun beartas agus gníomhaíocht de chuid an Aontais a bheidh níos láidre, níos straitéisí, níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí a fhorbairt agus leanúint den chomhar rathúil le heintitis atá ann cheana, cuir i gcás Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (CEPT). LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé ceannaireacht an Aontais i ngnóthaí digiteacha domhanda a neartú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí teachtaireacht chomhpháirteach a ullmhú ar an ábhar ina ndéanfar saineolas teicniúil agus taidhleoireachta araon a ghiaráil agus ina dtógfar ar na freagrachtaí comhroinnte agus ar na hacmhainní ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinne na Ballstáit, an tArdionadaí agus an Coimisiún chun Taidhleoireacht Dhigiteach chomhleanúnach an Aontais a fhorbairt agus IARRANN SÍ go ndéanfaí cur chuige Fhoireann na hEorpa a neartú a thuilleadh, mar shampla i ndáil le nascacht shlán iontaofa agus rialachas domhanda IS.

43. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann le straitéis an Aontais maidir le rialachas ilpháirtithe leasmhara an idirlín a fhorbairt chun comhsheasamh a leagan amach a bhféadfaí seasamh leis i bhfóraim idirnáisiúnta d'fhonn idirlíon oscailte, saor, inacmhainne, neodrach, domhanda, idir-inoibritheach, iontaofa agus slán a áirithiú.

44. IS DÍOL SÁSAIMH DI an aidhm ceannaireacht na hEorpa a mhéadú i bhforbairt caighdeán domhanda chun tionchar níos mó ó ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta na hEorpa a shaothrú, agus úsáid á baint as an gcaighdeánú mar ardán scálaithe idirnáisiúnta don nuálaíocht i gcomhréir le luachanna an Aontais.